

Ábhar

Iriseoireacht nuachta

Téacs Éisteachta

Áine Ní Bhreisleáin, iriseoir le TG4, ag cur síos ar a cuid oibre.

Forbairt Bhreise

Sliocht as an leabhar *Ar an Taihead: fíis, fuaim, focal* le Breandán Delap (Cois Life: 2007).

Le caoinchead ó Chois Life agus ón údar.

Sliocht as an lámhleabhar *Do Ghairm le Gaeilge* (GTI Specialist Publishers Limited: 2009).

ar fáil ag

<http://gradireland.com/languages/>

Le caoinchead ó GTI Specialist Publishers Ltd.

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



Iriseoireacht Nuachta

Réamhobair

Beidh tú ag éisteacht le hÁine Ní Bhreisleáin, iriseoir nuachta le TG4, ag labhairt faoina cuid oibre. Ar dtús déan an réamhobair thíos:

Plé

- An bhfuil aon spéis agat i gcúrsaí nuachta?
- Cad is ‘nuacht’ ann, dar leat?
- Cad iad na meáin a mbaineann tú úsáid astu chun scéalta nuachta a fháil?
- An bhféachann tú riamh ar Nuacht TG4? An bhfuil sé difriúil le nuacht RTÉ1 nó clár nuachta eile, dar leat?
- An mbeadh aon spéis agat san iriseoireacht chraolta mar ghairm? Cén fáth?
- An bhfuil aon láithreoir teilifíse ar leith a thaitníonn leat? Cad iad na tréithe atá aige/aici os comhair an cheamara?

Tasc

Scríobh féin agus do pháirtí cur síos ar cad is nuacht ann, dar libh.

Éisteacht

Anois éist leis an mír. Glac nótaí agus tú ag éisteacht agus déan iarracht an struchtúr a bhíonn ar lá oibre Áine a scríobh.

Freagair na ceisteanna seo chomh maith:

- Cad a deir sí faoin difear a bhíonn idir a cur chuige le polaiteoirí agus le gnáthdhaoine?
- Cén dearcadh a deir sí atá ag TG4 maidir le canúintí?
- Cad iad na dúshláin a bhaineann lena post?
- Cad iad na rudaí a thaitníonn léi faoina post?

Cén chanúint is fusa duitse le tuiscint? Cad iad na straitéisí atá ar eolas agat chun tuiscint níos fearr a fháil ar chanúintí eile?

Feasacht Teanga

- An bhfuil Gaeilge agat ar na focail seo a leanas a bhaineann le cúrsaí teilifíse? Déan iarracht cur leis an liosta.

producer, presenter, it was a poor production, to present a programme, editor, to edit a programme, to produce a programme, the programme was produced and presented by...

- Seo leaganacha canúnacha a mbaineann Áine úsáid astu. An bhfuil slí eile agat chun iad a rá?

na príomhphointí *uilig*
déanann tú cúpla cleachtadh *fosta*
go mbíonn *achan* rud i gceart
rud beag níos faide
réamhullmhúchán *de dhíth*
an seo an *dóigh?*
fáil *fhad le duine*
iontach cúramach

Iarobair

Plé

Ón méid eolais a thugann Áine faoina post, an dóigh leat go dtaitneodh a post leat? Cén fáth?

Tascanna

- Léigh an cur síos ar Áine as an lámhleabhar *Do Ghairm le Gaeilge* agus pléigh na ceisteanna seo a leanas. Tá an lámhleabhar iomlán le feiceáil ag an nasc <http://gradireland.com/languages/> más spéis leat é.
 - ‘...tá mé lonnaithe i mo bhaile dúchais...’: ar mhaith leatsa post a fháil i do bhaile dúchais nó arbh fhearr leat dul i bhfad ó bhaile?
 - ‘...le linn dom a bheith ag déanamh mo bhunchéime, chuir mé isteach ar phost le RTÉ Raidió na Gaeltachta...’ An bhfuil post páirtaimseartha agatsa faoi láthair? An gcuireann poist pháirtaimseartha isteach ar an staidéar, dar leat?
 - An ndéarfá go bhfuil brú ag baint le post Áine? Cén fáth?
 - ‘...is trí sheans dáiríre a fuair mise an post atá agamsa anois...’ Cad é an tslí is fearr le post a fháil sa tír seo? Cén dearcadh atá agat ar an ráiteas ‘it’s not what you know, it’s who you know!’?
- Léigh an sliocht as an leabhar *Ar an Taiifead: fis, fuaim, focal* le Breandán Delap agus freagair na ceisteanna seo:
 - Cén míniú a thabharfá ar an séimhiú atá ar gach sampla i gcló dubh thíos?

na meáin **G**haeilge
an **ch**othromaíocht **ch**uí
ar an **gh**né logánta
den **ch**ineál céanna
sa **G**haeltacht

- Cé acu de na cinn seo a leanas is fearr a thaitníonn leatsa i gcláir nuachta: scéalta áitiúla, scéalta náisiúnta nó scéalta idirnáisiúnta?
- Réitigh féin agus do ghrúpa mír nuachta a bheadh oiriúnach le cur ar shuíomh gréasáin an choláiste. Coinnigh an méid atá le rá ag Breandán Delap thíos san áireamh agus sibh ag cur bhur dtuairisce le chéile.

‘Who the hell reads the second paragraph,’ a bhíodh mar rosc catha ag iar-Eagarthóir *The Sun*, Kelvin MacKenzie más fíor. Tá rian den cheart aige, ar ndóigh, cé go bhfuil go leor eagarthóirí ann a déarfadh gur minic nach léitear an dara habairt gan trácht ar an dara halt! Ba cheart iarracht mhór ghroí a dhéanamh mar sin éirim an scéil a insint sa chéad abairt. Sula dtosaíonn an t-iriseoir ag scríobh is fiú dó ceist a chur air féin: ‘cad é an scéal in aon abairt amháin?’ Béarfaidh freagra na ceiste sin abairt mhaith dó le tús a chur leis an alt nuachta. Amanna, áfach, glacfaidh sé cúpla abairt chun é seo a bhaint amach. Bíonn claonadh ag craoltóirí abairtí anfhada a scríobh agus iad i mbun pinn. ‘Oxygen Mask Sentences’ a thugann fo-eagarthóirí soiniciúla ar an chlaonadh seo mar go rachadh sé dian ort iad a léamh ina aon gheábh amháin gan chuidiú anála.

Ar an Taihead: fíis, fuaim, focal le Breandán Delap (Cois Life: 2007).

Téipscript

A Áine, cén réamhullmhúchán a dhéanann tú sula dtéann tú ar an aer?

Bhuel, nuair a bhím ag déanamh ghnáthphíosa réamhthairfeadta nuachta bíim ag déanamh réamhullmhúcháin i rith an lae. Tosaíonn tú ar maidin agus bíonn réamhrá an scéil scríofa amach agat. Ansin cuireann tú daoine faoi agallamh – b’fhéidir go nglacfadh sin uair nó dhó le daoine a aimsiú. Bíonn eagarthóireacht i gceist, agus ansin caithfidh tú creatlach an scéil a scríobh amach. So b’fhéidir go mbeadh cúpla uair de réamhullmhúchán i ngach pacáiste. Nuair a bhíonn tú ag déanamh píosa beo sa stiúideo nó ar an bhfón leis an láithreoir in TG4 bíonn do script...bíonn an script... garbh scríofa amach agat agus na príomhphointí uilig ar eolas agat. Agus déanann tú cúpla cleachtadh fosta leis an té atá ag láithriú na nuachta go mbíonn achan rud i gceart, agus go mbíonn a fhios acu an bhfuil ort a bheith níos gonta le do chuid freagraí nó b’fhéidir é a shíneadh amach agus é a dhéanamh rud beag níos faide. Ach de ghnáth bheadh uair nó dhó ar a laghad de réamhullmhúchán de dhíth.

Agus cén cur chuige atá agat agus tú ag cur daoine faoi agallamh, a Áine?

Nuair a chuireann tú gnáthdhaoine faoi agallamh caithfidh tú cúpla cleachtadh a dhéanamh leo. Inseoidh tú dóibh na ceisteanna nó cén sórt ábhair ar mhaith leat a mbeadh siad ag labhairt faoi. Nuair a bhíonn tú ag déileáil le polaiteoirí corrúair ní inseoidh tú dóibh cé na ceisteanna atá agat mar níl tú ag iarraidh go mbeadh mórán ama acu le freagra a cheapadh – tá tú ag iarraidh rud a bheith beo agus rud a fháil uathu ar an spota. Agus caithfidh tú daoine eile, caithfidh tú cleachtadh a thabhairt dóibh agus a rá leo ‘bhuel tá sé sin rófhada, caithfidh tú sin a ghearradh, táimid ag iarraidh ort na pointí seo a lua nó an rud seo a rá’ so bíonn tamall de dhíth le seans a thabhairt do dhaoine a bheith ar a suaimhneas agus ar a gcompord leat agus iad ar an micreafón os comhair an cheamara.

Agus an mbíonn deacrachtaí agat leis an nGaeilge chaighdeánach nó an gcloíonn tú le do chanúint féin?

I Nuacht TG4 moltar dúinn uilig cloí lenár gcanúint chomh fada agus is féidir...ó thaobh a bheith tuisceanach agus go mbeadh sé soiléir agus na focail....cineál go mbeadh siad ábalta a bheith tuigthe ag daoine ar fud na tíre. Ach más cainteoir dúchais atá ionat, molann siad duit cloí le do chanúint féin. Nuair a bheadh réamhrá á scríobh, b’fhéidir do láithreoir as Conamara nó as Ciarraí, athróidh siad corrfhocal le é a chur in oiriúint dá gcanúint féin ach nuair a bheadh rudaí cosúil le logainmneacha nó ainm duine nó rud éigin mar sin á lua, chuirfeadh siad scairt ort agus déarfadh siad – ‘an seo an dóigh le é a fhuaimniú nó an ndéarfá féin ar dhóigh dhifriúil é?’ De ghnáth deirtear linn a bheith canúnach.

Agus an amhlaidh an scéal do thuairiscí scríofa?

Den chuid is mó. Tá a fhios agam i gColáiste na hOllscoile i nGaillimh go ndéanann siadsan taifeadadh agus déanann siad píosaí oibre do na scoláirí as a gcuid tuairiscí nuachta agus chonaic mé cúpla ceann acu ar an idirlíon agus bhí achan rud scríofa amach go canúnach. Mar sin bheadh na focail chanúnacha thíos ag bun...bheadh liosta focal agus foclóir agus iad ag rá ‘bhuel seo an focal i gCiarraí don fhocal sin i nDún na nGall agus sin an focal caighdeánach’. Ach déanann siad é canúnach fosta.

Agus cad iad na dúshláin is mó a bhaineann le do phost?

An rud is deacra dúinne i Nuacht TG4 ná daoine agus urlabhraithe a aimsiú do chomhlachtaí, do scéalta, a bhfuil Gaeilge acu agus Gaeilge atá soiléir agus cruinn go leor go dtig leat iad a chur faoi agallamh ar feadh bomaite nó dhá bhomaite. Corruair tarlaíonn sé nach bhfuil aon duine ann, a bhfuil Gaeilge acu, b’fhéidir dá mbeadh taisme bóthair nó rud inteacht i gceantar inteacht agus tá duine éigin de dhíth ort – sagart paróiste nó urlabhraí – ní bhíonn acu ach Béarla, is féidir linn ocht nó naoi nó deich soicind de Bhéarla a úsáid *so* bainimid úsáid as an bpíosa is láidre Béarla atá san agallamh agus ansin déanaimse athghuthú ar an chuid eile den agallamh. Déanaim an méid a dúirt siad féin a chur i nGaeilge. Sin an rud is deacra – daoine a aimsiú. Fosta, le cúrsaí taistil sa Ghaeltacht bíonn ceantar mór faoi do chúram agus bíonn sé deacair corruair fáil fhad le duine, agallamh a dhéanamh, teacht ar ais, do chuid pictiúirí agus do chuid *shots* a fháil agus eagarthóireacht a dhéanamh agus le cúrsaí ama corruair caithfidh tú a bheith iontach cúramach le do chuid bainistiú ama.

Agus cad é an rud is mó a thaitníonn leat faoi do phost?

An rud is mó a thaitníonn liom ná an éagsúlacht – achan tseachtain bíonn rudaí difriúla ann. Bíonn cuid mhór taistil i gceist ach téann tú áiteanna iontach suimiúil agus tchíonn tú daoine agus buaileann tú le daoine nach mbuailfeá leo de ghnáth agus feiceann tú a saol pearsanta, saol oibre, bíonn tú in ann a dhul ar chúl an stáitse ag drámaí, nó chuig Oireachtais, agus buaileann tú le polaiteoirí, le daoine cáiliúla, agus tá sé iontach suimiúil agus an éagsúlacht...agus fosta tá tusa ag cruthú na nuachta. Tá a fhios agat, an tráthnóna sin, go mbeidh daoine sa bhaile ag coimhead ar na scéalta agus tú féin lárnach in b’fhéidir an scéal a aimsiú.

Téacs

Áitiúlachas nó uilíochas

Dúshlán atá le sárú ag na meáin Ghaeilge mar sin ná an chothromaíocht chuí a aimsiú idir áitiúlachas agus an freastal is gá a dhéanamh ar an náisiún i gcoitinne. Deir daoine áirithe nach dtugtar dóthain airde ar an ghné logánta ach deir daoine eile go mbítear chomh háitiúil sin go dtig leat do theach a fheiceáil sna tuairiscí! Caithfear cuimhneamh gur dream ilghnéitheach iad pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta agus go bhfuil suim acu i meascán mór ábhar, cosúil le haon phobal eile. Bheadh sé contráilte a rá nach bhfuil suim ag pobal Gaeltachta ach i scéalta faoi dhrochstaid na mbóithre nó faoi chúrsaí séarachais.

Lena chois sin, níor mhór a rá nach gá go gcuirfeadh muintir Leitir Móir suim i scéal áitiúil as Indreabhán gan trácht ar scéal ó Ghaoth Dobhair nó ó Chorca Dhuibhne. Is cuimhin liom agus mé i m'eagarthóir ar *Foinse* gur mhol bean ón Cheathrú Rua mé as scéal a bhí sa nuachtán faoi spideog a bhíodh ag teacht isteach chuig siopa áitiúil gach lá. Thug sí comhairle dom cloí leis an chur chuige sin agus go ndíolfá i bhfad níos mó cóipeanna dá bharr. Bhí mise breá sásta leis an mholadh agus shíl mé go mbeadh lúcháir uirthi a chluinstin go raibh scéal beag deas den chineál céanna againn ón Spidéal an tseachtain sin. Ach bhí dul amú orm. 'An Spidéal' a deir sí. 'Ní shin áitiúil!' Mar a deirim, ní gá go gcuirfeadh muintir na Ceathrún Rua suim i scéal áitiúil as an Spidéal gan trácht ar scéal ó cheantar Gaeltachta eile. Ó tharla go bhfuil formhór na meán Gaeilge lonnaithe sa Ghaeltacht, bíonn fuílleach scéalta acu a bhaineann le hiarthar na hÉireann. Is féidir scéal mór náisiúnta a chriathrú trí lionsa na Gaeltachta. Ar ndóigh, caithfear cothromaíocht a aimsiú agus gan a bheith ag clúdach scéal beag gan úsáid ó iarthar na hÉireann fad is atá an saol mór ag titim as a chéile. Ach is féidir toise Gaeltachta a aimsiú in go leor scéalta.

Nuair a tharla tragóid an 11 Meán Fómhair, mar shampla, d'aimsigh na meáin Ghaeilge a gcuid scéalta féin a bhain go sonrach leis an iarthar agus leis an Ghaeltacht. Bhí scéal acu ar fad nach mór faoi chailín a rugadh i Ros Muc agus a bhí in ainm is a bheith ag obair mar aeróstach ar cheann de na heitleáin a fuadaíodh, ach gur athraíodh a sceideal oibre. Bhí scéal eile acu faoi na himpleachtaí móra a bheadh ag an ionsaí d'Éireannaigh a bhí ina gcónaí i Meiriceá go mídhleathach mar go mbeadh diansláidail i bhfeidhm sna calafoirt agus sna haerfoirt agus go mbeadh ar fhostóirí cuntais chruinne a choinneáil ar gach duine a bhí fostaithe acu. Bhí cuntais acu fosta ó dhaoine le Gaeilge ó gach cearn den tír a chonaic cad a tharla ar an lá. Is sampla é seo den dóigh go bhféadfadh go mbeadh ciallachais thromchúiseacha ag eachtra mhór idirnáisiúnta do phobail bheaga Ghaeltachta in iarthar na hÉireann. Is beag duine a chreidfeadh fosta go mbeadh aon bhaint ag bás Yasser Arafat i 2004 le monarcha i gConamara. Ar ócáid a bháis, bhí tuairisc ag Nuacht TG4 ar na scaireanna a bhí ag Údarás na Palaistíne agus baill de theaghlach Arafat i gcomhlacht as Ceanada a bhí mar phríomhaí ag an am sa chomhlacht Bioniche in Indreabhán!

Sliocht as an leabhar *Ar an Taifead: fis, fuaim, focal* le Breandán Delap (Cois Life: 2007).

Le caoinchead ó Cois Life agus ón údar.


IRISEOIREACTH TRÍ GHAELIGE

AINM: Áine Ní Bhreisleáin

POST: Irisoir le Nuacht RTÉ/TG4

FOSTÓIR: RTÉ

OIDÉACHAS: BA, Gaeilge, Stair (2007); ag déanamh MA i Scríobh agus Cumarsáid na Gaeilge faoi láthair



Is trí sheans dáiríre a fuair mise an post atá agam anois, trí shocrúchán oibre mar chuid de mo chéim ag. Chaitheamar seachtain ag obair i seomra nuachta Nuacht RTÉ agus seachtain le Nuacht TG4. Roinnt seachtainí tar éis dom mo chuid taithí oibre a chríochnú, tairgeadh post páirtaimseartha dom ag obair mar irisoir réigiúnach do Nuacht TG4. Tá mé lonnaithe i mo bhaile dúchais, Gaioth Dobhair, agus cuirim tuairiscí agus pacáistí nuachta ar fáil faoi imeachtaí reatha. Is meascán de scéalta laethúla agus scéalta níos fadtéarmaí a bhíonn i gceist, a dhíríonn ar imeachtaí áitiúla agus náisiúnta araon.

Le linn dom a bheith ag déanamh mo bhunchéime, chuir mé isteach ar phost le RTÉ Raidió na Gaeltachta ina bhfo-stáisiún i nDún na nGall. Bhí mé ag obair mar fháilteoir páirtaimseartha ar dtús. Ina dhiaidh sin bhí mé ag obair ar chlár na bhfógraí áitiúla agus ansin ar an gclár iarratas. An bhliain dár gcionn tairgeadh post dom ag léamh na nuachta.

Gníomhaíochtaí laethúla

Ar maidin téim i dteagmháil le m'eagarthóir, atá lonnaithe i nGaillimh, chun scéalta an lae a phlé. Nuair a bhíonn mo scéal agam, cuirim glaonna ar agallaithe agus socraim agallaimh leo. Bíonn orm blaiseadh den scéal a scríobh, chomh maith le script, agus teastaíonn píosa os comhair an cheamara uaireanta freisin. Freastalaím ar chruinnithe áirithe de na húdaráis áitiúla, ar sheoltaí agus a leithéid sin. Má tharlaíonn mórimeacht (cosúil le timpiste nó dúnadh monarchan) bítear ag súil go mbeinn ar an láthair.

Taistealaím le m'fhear ceamara, agus pléim an scéal leis chun a theacht ar an mbealach is fearr chun tabhairt faoi. D'fhéadfadh scéal a bheith ag teastáil i gcomhair Nuacht RTÉ ag 5.20i.n. agus ansin arís i gcomhair TG4 ag 7i.n. rud a chiallaíonn go mbíonn bainistíú ama an-tábhachtach. Glaoitear orm scaití freisin chun cúnamh a thabhairt scéal a chlúdach i gcomhair Six One News nó Nine News ar RTÉ.


CUIREANN AN GHAELIGE LE MO RÉIMSE SCILEANNA

AINM: Aonghus Óg McAnally

POST: Aisteoir

FOSTÓIR: Féinfhostaithe

OIDÉACHAS: BA i Staidéar Téatair (2002)



Is é an rud iontach faoin aisteoireacht ná nach bhfuil a leithéid de rud agus 'gnáth-sheachtain' ann. Lá amháin tá tú ar sheit scannáin, an chéad lá eile ag éisteacht, i gcleachtaí an lá ina dhiaidh sin, agus ag déanamh dráma raidió an lá ina dhiaidh sin arís. Is féidir leis a bheith deacair go leor do dhóthain airgid a shaothrú san aisteoireacht le maireachtáil air, agus mar sin caitheann tú réimse leathan scileanna a bheith agat chun go mbeidh tú in ann tabhairt faoin obair go léir a thagann do bhealach.

Tá an éagsúlacht go hiontach; bíonn an obair úrnuia i gcónaí. Bíonn tú ag obair le haisteoirí nó stiúrthóirí nua i gcónaí, nó i gcathair nua ar thuras – bhí an t-ádh orm an deis a bheith agam a bheith ag obair le daoine cosúil le Pierce Brosnan, Anne Hathaway agus Seamus Heaney.

Is dúshlán é an easpa cinnteachta a thagann leis an tslí bheatha sin: ag suí thart ag fanacht go mbuailfidh an fón, ag fanacht leis an gcéad phost eile. Ní mór duit meon láidir a chothú chun a bheith ábalta cur suas leis na huaireanta nach n-éiríonn leat in éisteachtaí. Ní fheileann an tslí bheatha seo do dhuine atá ag lorg poist bhua in inphianseanaithe ón 9 go dtí 5!

Cén chabhair a bhí sa Ghaeilge?

Is buntáiste ollmhór a bhí sa Ghaeilge dom, agus tá cuid mhór de mo chuid oibre tar éis a bheith trí Ghaeilge. Tagann sé ar ais go dtí an pointe bunúsach faoi scileanna éagsúla a bheith agat mar aisteoir. Caitheadh tú oiread agus is féidir leat a dhéanamh ionas go mbeidh tú feiliúnach don oiread páirteanna agus is féidir.

Chomh maith leis sin, ní bhíonn oiread daoine ag éisteachtaí i gcomhair ról Ghaeilge, rud a mhéadaíonn an seans go bhfaighidh tusa an post. Ní mór smaoinreamh chomh maith, mar gheall ar an gcaoi a bhfuil cúrsaí maidir le cistiú ealaíon, gur minic a bhíonn na stiúrthóirí, na haisteoirí agus na léiritheoirí is fearr ag obair ar léiriúcháin Ghaeilge, agus mar sin níl aon bhealach gur 'gaol bocht' atá sa téatar nó sa scannánaíocht Ghaeilge.